



Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

PLEAN SEIRBHÍSE 2023



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Có-mhaoinithe ag an
Aontas Eorpach
Co-funded by the
European Union

Bord BOO Chiarraí 2023

An Comhairleoir Aoife Thornton
An Comhairleoir Cathal Foley
An Comhairleoir Deirdre Ferris
An Comhairleoir Fionnán Fitzgerald
An Comhairleoir Jim Finucane (*An Cathaoirleach*)
An Comhairleoir Johnnie Wall
An Comhairleoir Marie Moloney

An Comhairleoir Maura Healy-Rae
An Comhairleoir Michael Cahill
An Comhairleoir Niall O'Callaghan
An Comhairleoir Norma Moriarty
An Comhairleoir Terry O'Brien
Celia O'Shea, Uasal
Joan McCrohan, Uasal
An tUasal John O'Roarke

An tUasal Joseph Brennan
Maria O'Gorman, Uasal
An tUasal Niall Lucey
Tara Donoghue, Uasal
An tUasal Tim Daly
An tUasal Zaid Kassoob

Feidhmeannas BOO Chiarraí 2023

An tUasal Colm Mac Giolla Bhuí, *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
Ann O'Dwyer, Uasal, *An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil*
Maria Brennan, Uasal, *An Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta*
An tUasal Owen O'Donnell, *An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna*

Clár na nÁbhar

Brollach

5

Pobal BOO Chiarraí

Misean agus Bunluachanna

Struchtúr Eagraíochta

6

8

9

Creat Feidhmíochta Straitéisí

Ár Múnla Tuairiscithe

10

11

Ráiteas maidir le Seirbhísí

12

Imlitir 0003/2019: Meastóireacht ar Sheirbhísí nach Croísheirbhísí iad

24

Ráiteas maidir le hInghlacthacht Riosca

26

Aguisín I *Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022*

27

Aguisín II *Liosta Fíoracha agus Foscríbhinní*

30

Aguisín III *Fáltais agus Caiteachas Réamh-Mheasta*

31



BROLLACH An Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is údar bróin dúinne é ár bPlean Seirbhísí 2023 a chun in bhur láthair, a forbraíodh i gcomhréir le forálacha d'Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Agus sinn ag dul isteach sa bhliain nua féilire seo, déanaimid machnamh le chéile ar na deich mbliana anuas dár bhforbairt mar eagraíocht ónár mbunú thiar an 1 Iúil 2013. Le deich mbliana anuas, tá fás, athrú agus oiriúnú suntasach tagtha ar ár n-eagraíocht, ag freastal ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le tírdhreach a bhíonn ag síorathrú.

Sa tuarascáil a leanas, cuirfear anailís chuimsitheach ar fáil duit ar ár gcuid airgeadais réamh-mheasta don bhliain agus athbhreithniú cuimsitheach ar ár ngníomhaíochtaí pleanáilte agus ár dtáscarí feidhmíochta.

In ainneoin castachtaí na timpeallachta sóisialta agus eacnamaíochta atá i réim faoi láthair, táimid muiníneach as ár gcumas gealltanais ár dtuarascála a bhaint amach agus leanúint lenár gcosán fáis inbhuanaithe isteach go 2023 agus ina dhiaidh sin. Cuireann ár lucht oibre tiomanta, pleanáil éifeachtach agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha i ndea-bhail sinne le rath agus forbairt a ghnóthú amach anseo.

Agus sinn ag dul isteach sa bhliain nua seo, táimid fós seasmhach inár misean agus inár bhfís, agus táimid tiomanta go hiomlán d'fhíor-éifeacht a thabhairt do chur chun feidhme Dhleacht Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí. Táimid tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus dul i bhfeidhm ar bhealach fiúntach sna pobail a ndéanaimid freastal orthu, chun comhionannas torthaí a áirithiú dóibh siúd is imeallaithe.

Ráithe a dó i mbliana, seolfaimid Ráiteas Straitéise nua dár n-eagraíocht, ina leagfar amach spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an bhoird do na chéad chúig bliana amach romhainn. Táimid ag tnúth le glacadh na straitéise nua seo agus dul isteach sa chéad chéim eile den fhorbairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear ár bhfoireann thiomnaithe agus baill an bhoird, as bhur dtacaíocht leanúnach dár n-eagraíocht.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile agus sinn ag leanúint ar aghaidh ag cruthú deiseanna oideachais agus oiliúna do chách.

Táimid ag súil leis an bhliain amach romhainn.

An Comhairleoir Jim Finucane
An Cathaoirleach

An tUasal Colm Mac Gíolla Bhuí
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Pobal BOO Chiarraí

Ba thiar in 2013 a bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí), i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

De réir an Achta sin, díscáileadh na coistí gairmoideachais ar fud na hÉireann, agus aistríodh gach soláthar seirbhíse chuig na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna nuabhunaithe. Le linn na tréimhse sin, díscáileadh FÁS, an ghníomhaireacht náisiúnta a bhí freagrach as printíseachtaí agus cláir oiliúna, agus rinneadh a sholáthar a lánpháirtíú sna Boird Oideachais agus Oiliúna sin freisin.

Tá BOO Chiarraí ann chun forbairt shochoaí na foghlama ar feadh an tsaoil i gCiarraí a chur chun cinn ionas go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn anseo ar oideachas agus ar oiliúint. Faoi choimirce na Roinne Oideachais agus SOLAS, táimid ag obair le 10 mbliana anuas chun tacú le daonra Chiarraí a gcumas a chomhlíonadh agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus chathartha.


Tá BOO Chiarraí difriúil ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna eile sa mhéid is go gcuireann sé réimse iomlán seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil d'fhoghlaimoirí d'aois ar bith. Cuirtear ár seirbhísí fadréimseacha ar fáil ar fud an chontae agus áirítear na seirbhísí a leanas leo:


- Bunscolaíocht (pobalscoileanna náisiúnta)
- Iar-bhunscolaíocht (meánleibhéil)
- Breisoideachas agus Oiliúint
- An Óige
- Ógtheagmháil
- Cruthaitheacht agus ceol
- An Ghaeilge
- Teagascóir Fhoireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (REALT)
- Tacaíocht d'Fhoghlaimoirí
- Lasmuigh, spóirt agus fóillíocht
- Tacaíochtaí corparáideacha

Glacann BOO Chiarraí cur chuige ilghnéitheach agus oibríonn sé leis na Ranna Oideachais; Breisoideachais agus Oiliúna; Nuálaíochta agus Eolaíochta; Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; agus SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) chun ár seirbhísí a sholáthar, ag obair le páirtithe leasmhara áitiúla eile freisin ar fud na n-earnálacha pobail, deonacha, gnó, tionscail, oideachais agus tráchtála. Soláthraímid seirbhísí do bhur bpobal, ag soláthar na seirbhísí go léir ar an leibhéal áitiúil chun freastal ar éilimh áitiúla.

Ar an leibhéal áitiúil sin, tá BOO Chiarraí ar cheann de na soláthraithe oideachais agus oiliúna is mó, agus 3,100 dlata cláraithe inár mbunscoileanna and iar bhunscoileanna and 14,000 tairbhí á gcarnadh aige gach bliain. Is mar gheall ar na foghlaimoirí sin atá an eagraíocht ar cheann de phríomhfhostóirí Chiarraí, agus timpeall 670 ball foirne páirtaimseartha agus 590 ball foirne lánaimseartha ag obair ar fud fad an chontae.

Tá stádas carthanachta ainmnithe ag BOO Chiarraí freisin (uimhir charthanais chláráithe: 20083243).






Figiúr 1: Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí

- Pobalscoileanna Naisiúnta
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna
- Larbhunscoileanna
- Coláiste Chiarraí
- Seirbhísí Óige
- An Oifig Iontrála, Coláiste Chiarraí
- Music Generation
- Príomhoifig

Misean agus Bunluachanna

Is é ár misean i mBord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí forbairt shoचाई na foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn i gCiarraí ionas go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn ann ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun a gcumas a chomhlíonadh agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus chathartha. Agus sinn ag obair chun an misean sin a bhaint amach, tá sé mar aidhm againn ár mbunluachanna, Meas, Cáilíocht, Cuimsiú, Comhionannas agus Foghlaim a chur i bhfeidhm go gníomhach i ngach beart dár ngnó.



Figiúir 2: Bunluachanna BOO Chiarraí

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Certa an Duine a chur i bhfeidhm



Agus ár bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh againn, cinntíonn BOO Chiarraí freisin go dtabharfar aird chuí d'Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ina leagtar amach gur gá do chomhlachtaí poiblí:

- deireadh a chur leis an idirdhealú;
- comhdheiseanna agus cóir chomhionann dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn; agus
- cearta an duine a chosaint i gcás a chomhaltaí, a bhall foirne agus na ndaoine dá gcuireann sé seirbhísí ar fáil


Tá BOO Chiarraí tiomanta do chomhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn, mar atá ag teacht lenár mbunluachanna. Gach bliain, tuairiscíonn BOO Chiarraí ar fhorbairtí agus ar éachtaí sa réimse sin trínár dtuarascáil bhliantúil don Aire Oideachais.

Struchtúr Eagraíochta

Tá struchtúr corparáideach mar chomhlacht poiblí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí atá comhdhéanta de Bhord a cheaptar ar bhonn daonlathach agus foireann bhainistíochta (feidhmiúcháin). Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin BOO, agus tacaíonn triúr stiúrthóirí leis sa ról sin, eadhon:

- Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Léirítear sna trí ról stiúrthóra na trí cholún de sholáthar seirbhíse BOO, agus údarás á tharmligean go foirmiúil ar gach stiúrthóir ina ról de réir Alt 16 den Acht um BOO 2013.



Figiúr 3: Struchtúr Eagraíochta

Creat Feidhmíochta Straitéisí

BOO Chiarraí seirbhísí oideachais agus oiliúna comhsheasmhacha ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud chontae Chiarraí. Oibrímid chun tacú leis an bpobal áitiúil agus chun dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach air.

Cuirtear i dtábhacht i Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí ár bpríomhchuspóirí (ciorcal gorm thíos) don tréimhse tuairiscithe 2018 - 2022 (tá liosta iomlán spriocanna agus cuspóirí leagtha amach in Iarscríbhinn). Cuimsítear na príomhthosaíochtaí leis na cuspóirí sin a sainathníodh sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOO Chiarraí (ciorcal liath thíos). Dá bhrí sin, déantar achoimre ar ár gcreat feidhmíochta straitéisí mar a leanas:



Figiúr 4: Creat Tuairiscithe Straitéiseach

De réir mar a leanann an BOO lena straitéis nua do 2023/27 a thabhairt chun críche, cuirfear na spriocanna thuasluaite i bhfeidhm ar thréimhse tuairiscithe 2023. Tá forbairt an chéad phlean straitéisigh eile ar siúl, agus tá próiseas comhairliúcháin fairsing ar bun le páirtithe leasmhara faoi threoir Alt 27 den Acht um BOO 2013.

Is i Ráithe a dó a sheolfar an Ráiteas Straitéise 2023–2027.

Ár Múnla Tuairiscithe

Tá an Ráiteas Seirbhíse a leanas comhlíonta agus curtha i dtoll a chéile ag Bainistíocht Shinsearach BOO le tacaíocht ó bhaill foirne ábhartha ar fud na heagraíochta. Déantar an próiseas sin, mar is gnách, faoi threoir agus faoi fhaomhadh Bhord BOO Chiarraí.

Aithníonn BOO Chiarraí gur cinntitheach criticiúil de chur chun feidhme éifeachtach na straitéise é tacar táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na heagraíochta. Forbraíodh teimpléid tuairiscithe cur chun feidhme le cur ar chumas don eagraíocht ár ndul chun cinn maidir leis an ráiteas straitéise a chur chun feidhme gach bliain a phleanáil, a thaifeadadh agus a fhoilsiú.

Sainnithnítear gníomhaíochtaí/critéir intomhaiste maidir le rath agus ailínítear leis na trí cholún iad le haghaidh gach cuspóra. Cinntear ceannaire tionscadail freisin chun a chinntiú go mbainfear amach cuspóirí agus gníomhartha.

Tacaíonn na bearta sin leis an méid a leanas:

- Tuairisciú maidir le héifeachtacht
- Faireachán ar ionchuir agus aschuir
- Faireachán ar thorthaí/spriocanna

Ailínítear gníomhaíocht trí gach colún leis an bPlean Seirbhíse 2023 ar an ráithe (ceithre huair sa bhliain) trí Thuarascálacha Cur chun Feidhme a chur i gcrích. Cuidíonn an cur chuige tuairiscithe sin le BOO Chiarraí faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo fhíorú an Ráitis Straitéise ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Ceadaítear leis na tuarascálacha cur chun feidhme freisin sonraí níos cuimsithí, níos bailí agus níos iontaofa faoinár seirbhíse i rith na bliana.

Roinntear méadracht agus torthaí feidhmíochta le páirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar an bpleanáil i rith na bliana agus rannchuidiú an oideachas agus na hoiliúna i gCiarraí a chur i dtábhacht.

Tuarascáil Feidhmiúcháin Shamplach			
Sprioc 1 Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhairthe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta			
Gníomhaíochtaí (Céard a dhéanfaimid)	Plean Seirbhíse 2023	Bainte Amach in 2022	Trácht
1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí oideachais agus oiliúna a thairgimid faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus go bhfuil siad aitheanta ar leibhéal idirnáisiúnta.			
2. Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach ceann de na hiarbhunscoileanna faoinár gcoimisce.			
3. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata um Chaighdeán Cáilíochta Náisiúnta d'Obair don Óige.			
4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal.			
5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ár gcoláistí/ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na gcigireachtaí/na gcuairteanna sin i bhfeidhm go héifeachtach.			

Figiúr 5: Dréacht-Thuarascáil Feidhmiúcháin

Ráiteas maidir le Seirbhísí

De réir théarmaí an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais, sainaitníodh na haidhmeanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Is iad seo a leanas na sainbhearta is gá chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna combhainteacha:

SPRIOC: Eispéireas an Scoláire/an Fhoghlaimeora a Optamú			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe	An raon tacaíochtaí a chuirtear ar fáil faoinár gclár tacaíochta oideachais don Lucht Siúil a leathnú Leanúint ar aghaidh agus tacú le chomhionannas torthaí dár bhfoghlaimeoirí, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí imeallaithe	Beartas oideachais don Lucht Siúil a dhréachtú lena dtugtar aghaidh ar na ceithre ghné a leanas den chomhionannas: <i>acmhainní, aitheantas, meas agus ionadaíocht</i> Tús a chur le clár oiliúna um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (CÉC) ar fud na scéime	R3 (don scoilbhliain 2023/24) R2 - ar bun faoi láthair
Tacú le foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair	Leanúint de Dhleacht na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a leabú ar bhealach níos éifeachtaí inár gcórais, inár bpróisis agus inár n-íompraíocht chomhroinnte Deontais DEIS a ghíaráil chun imeallú a chosc agus an baol go dtarlódh míbhuntáiste oideachasúil a laghdú	Cuirfidh ár Meitheal um Dhualgas na hEarnála Poiblí straitéis cur chun feidhme dualgais i gcrích, agus beidh sé i gceannas ar iarracht chomhoibríoch ar fud na scéime i dtreo cur chun feidhme Úsáidfidh gach scoil DEIS sonraí ar bhealach níos éifeachtaí chun teagasc agus foghlaim a threorú agus díriú ar shainaitheint	R2 - ar bun faoi láthair R3 (don scoilbhliain 2023/24)
A chinntiú go bhfuil na bearta cuí uile maidir le coimirce leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017	Ár bPlean Inmheánach Faireacháin um Chosaint Leanáí a tabhairt cothrom le dáta	Tuarascálacha formhaoirseachta ar chosaint leanaí a chur faoi bhráid na gCoistí ábhartha d'Alt 44	Cuirfear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Bhord an BOO ina dtuairisceofar comhlíonadh iomlán
Comhlíonadh iomlán a chinntiú leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017			

SPRIOC: Chosanta			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Cabhrú leis an Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus soláthar a dhéanamh d'íarratasóirí cosanta idirnáisiúnta	Leanúint ar aghaidh ag freastal ar na héilimh a eascraíonn as ár gclár cosanta idirnáisiúnta A chinntiú gur féidir lenár bhfoireann leas a bhaint as forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ábhartha lena dtugtar na huirlisí agus na teicnící riachtanacha dóibh chun tacú leo ina ról	Leanfaidh REALT ag obair le páirtithe leasmhara eile chun freastal ar riachtanais na n-íarratasóirí cosanta Beidh rochtain ag an bhfoireann ar FGL a chuidíonn leo ina ról agus a thacaíonn lena bhfolláine fhoriomlán	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair

SPRIOC: Rialachas			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Rátaí tinrimh ar chruinnithe boird	Ba cheart do bhoird aonair an ceanglas freastal ar gach cruinniú boird a chur i dtábhacht de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas BOOnna (Imlitir 0002/2019)	Coinneofar cláir thinrimh ar bhonn leanúnach	Ar bun faoi láthair
Féimheasúnuithe boird	Ba cheart do gach bord féimheasúnuithe a dhéanamh, trí thagairt don cheistneoir atá in Imlitir 0002/2019, chun réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin	Coinneofar taifid de thuarascálacha féimheasúnaithe comhlánaithe Beidh na cathaoirligh i gceannas ar phlé cuiditheach ar na príomhcheisteanna a thagann aníos	R3 - R4
Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais	Ba cheart don bhord daoine a cheapadh chun na gcoistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí chuí a bheith acu le haghaidh an ról	Beidh próiseas i bhfeidhm chun comhaltaí nua faoi Alt 45 den Choiste a cheapadh, de réir Imlitir 0002/2019	Ar bun faoi láthair
Measúnú an bhoird ar obair na gcoistí iniúchóireachta agus airgeadais	Is é cathaoirleach gach boird a áiritheoidh go dtugtar tuarascálacha scríofa do na comhaltaí boird maidir leis an obair a dtugann na coistí iniúchóireachta agus airgeadais fúithi de réir mar is gá faoi Imlitir 0002/2019	Cuirfear tuarascálacha scríofa ó gach cruinniú Coiste faoi Alt 45 ar fáil ag an gcruinniú boird a leanas	Ar bun faoi láthair
Féimheasúnú ar na coistí iniúchóireachta agus airgeadais	Is iad cathaoirligh na gcoistí iniúchóireachta agus airgeadais a áiritheoidh go gcuirtear féimheasúnú i gcrích gach bliain de réir mar a éilítear faoi Imlitir 0002/2019	Coinneofar taifid de thuarascálacha féimheasúnaithe comhlánaithe Beidh na cathaoirligh i gceannas ar phlé cuiditheach ar na príomhcheisteanna a thagann aníos	R3 - R4
Forbairt foirne	Is é an príomhoifigeach feidhmiúcháin a áiritheoidh; • go gceapfar ball foirne mar an bainisteoir oiliúna	Sainithneoidh BOO ball foirne le bheith ag obair go héifeachtúil idir na colúin	Ar bun faoi láthair
	• déantar anailís ar éilimh oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil • forbraítear agus cuirtear chun feidhme clár oiliúna sa bhainistíocht airgeadais	Sásófar éilimh oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar gach leibhéal líon foirne ar fud na bliana	Ar bun faoi láthair
Spriocdhátaí tuairiscithe na roinne	Ba cheart cloí leis na spriocdhátaí tuairiscithe arna socrú ag an Roinn	Comhlíonfar gach spriocdháta tuairiscithe	Ar bun faoi láthair
Beartas bainistíochta riosca	Ba cheart don bhord próiseas leanúnach a chinntiú atá deartha chun rioscaí suntasacha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar rioscaí iad a bhaineann le torthaí an eintitis a bhaint amach. Ba cheart don choiste iniúchóireachta agus riosca tacú leis an mbord sa ról sin	Feidhmiú céimneach agus forbairt leanúnach ar an mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca Tuirisciú leanúnach leis an gcoiste iniúchóireachta agus riosca agus leis an mbord	Ar bun faoi láthair

SPRIOC: Rialachas ar lean			
Rialuithe inmheánacha	Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar is ceart.	Gheobhaidh an Bord dearbhú leordhóthanach go bhfuil na rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar is ceart	R1 - ar bun faoi láthair

De bhreis ar na spriocanna agus na gníomhartha a comhaontaíodh go náisiúnta thuas, cuirfear tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha a leanas do BOO Chiarraí nó bainfear amach iad le linn 2023 lena chinntiú go gcuirfear ár misean chun cinn.

SPRIOC 1: Cláir a Aithnítear go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta agus ag a bhfuil Dearbhú Cáilíochta			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
1.1	Leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as struchtúir dearbhaithe cáilíochta chun forbairt curaclaim lúfar a chur chun cinn i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara	An ról atá againn maidir le cúrsaí a fhorbairt le haghaidh dul chun cinn agus fostaíochta, ceardaíochta agus printíseachtaí nua Ár gcumas forbartha curaclaim a leathnú inár nAonad um Dhearbhú Cáilíochta agus ar fud an bhreisoideachais agus na hoiliúna (BOO)	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
1.2	Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis chúil pleanála scoile agus féinmheastóireachta scoile chun feidhme inár scoileanna uile	Aghaidh a thabhairt ar mholtaí ó iniúchadh DEIS 2022/23 IAU-BOOnna Leanfaidh boird bhainistíochta d'fhorghoirseacht a dhéanamh ar phleananna scoile, agus beidh ról lárnach acu i nósanna imeachta agus i bpróisis féinmheastóireachta	R1 - ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
1.3	Tús a chur le cur chun feidhme ár gcéad Phlean Forbartha um Obair don Aos Óg	Plean forbartha don aos óg a sheoladh Tuirisc a thabhairt ar an dul chun cinn do pháirtithe leasmhara agus d'fhochoistí an bhoird um obair don aos óg	R3 Ar bun faoi láthair
1.4	Leanúint ar aghaidh ag cur chun feidhme ár bPlean Gníomhaíochta um Dhearbhú Cáilíochta BOO chúig bliana	Tuirisc a thabhairt ar nuashonruithe ar dhul chun cinn do pháirtithe leasmhara agus don Chomhairle Cáilíochta	Ar bun faoi láthair
1.5	Cur chun feidhme leanúnach na moltaí ó thuiriscí cigireachta	Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí cigireachta i gcomhairle leis an stiúthóir ábhartha Nuashonruithe ar dhul chun cinn a sholáthar do Choistí ábhartha Alt 44	Ar bun faoi láthair
	A chinntiú go gcoinnítear taifid agus faisnéis ábhartha i gcomhréir le ceanglais rialála agus reachtacha	A chinntiú go gcoinnítear taifid cothrom le dáta agus ar fáil le haghaidh cigireachtaí agus/nó iniúchtaí amach anseo	Ar bun faoi láthair

SPRIOC 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
2.1	Cuireadh tús le hobair ar chlár cuimsitheach anailíse agus oiliúna scoileanna chúig bliana ar fud na scéime atá ailínithe lenár straitéis nua	<p>Creat forbartha gairme ar fud na scéime a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar riachtanais FGL foirne sna trí cholún atá ailínithe leis an Ráiteas Straitéise 2023-2027</p> <p>Oiliúint frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm do mhúinteoirí OSPS i scoileanna</p>	<p>2024</p> <p>Scoilbhliain 2022/23</p>
2.2	Leanúint ar aghaidh ag soláthar ár gclár riachtanas speisialta oideachais (RSO)	<p>Beartas RSO ár scoileanna a thabhairt chun críche agus tús a chur lena chur chun feidhme</p> <p>Leanúint le mapáil RSO a chur chun feidhme ar fud ár scoileanna</p>	<p>Scoilbhliain 2022/23 - ar bun faoi láthair</p> <p>Ar bun faoi láthair</p>
	Leanúint de bheith ag cur Dearadh Uilíoch don Foghlaim (DUF) chun feidhme do gach foghlaimeoir le béim ar leith á cur ar SEN/ fhoghlaimeoirí Béarla mar theanga bhreise (BTB)	<p>Bliain a dó den chlár comhoibritheach SY&M/BOO DUF a chur chun feidhme</p> <p>Seoladh an tionscadail taighde teagaisc agus foghlama do chosantóirí DUF</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p> <p>R2</p>
2.3	Leanúint lenár ngealltanas ár soláthar oideachais agus oiliúna lasmuigh a fhorbairt ag Campas Choláiste Chiarraí Chill Orglan (OETC)	<p>An Clár Tumadóireachta Scúba Tráchtála a fhorbairt agus a bhailíochtú</p> <p>Tús a chur le clár uasoiliúna oideachais lasmuigh nuafhorbartha a sholáthar do mhúinteoirí agus do cheannairí gasóg/óige</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p> <p>Ar bun faoi láthair</p>
	Leanúint de chur chun feidhme Chreat BOOI na bPátrún	Tacaíocht leanúnach a sholáthar dár scoileanna chun an creat a chur chun feidhme	Ar bun faoi láthair
2.4	Deiseanna a chur chun cinn don fhás leanúnach, nuálaíocht agus cleachtas machnamhach (foghlaimeoir agus foireann)	<p>Líon na scoileanna atá ag obair ar STEAM inbhuanaithe mhéadú</p> <p>Comhlánú ár gclár oiliúna ceannaireachta scoileanna 2022/23</p> <p>Leanúint lenár n-aiseolas d'fhoghlaimeoirí agus ár sásraí um fhorbairt guthanna foghlaimeora, i.e. grúpaí fócais, comhairle foghlaimeoirí, fóraim thraschamps agus suirbhéanna i measc foghlaimeoirí</p>	<p>Scoilbhliain 2022/23</p> <p>Ar bun faoi láthair</p>
2.5	Feabhas a chur ar theicneolaíocht dhigiteach bhreise ar fud scoileanna/ionad	<p>Pleananna digiteacha a nuashonrú ar fud ár scoileanna chun iad a thabhairt ar aon dul le Straitéis Dhigiteach na Roinne do Scoileanna go 2027</p> <p>Beartas foghlama cumaiscthe a fhorbairt le BOO a sholáthar</p>	<p>Scoilbhliain 2022/23</p> <p>Ar bun faoi láthair</p>
2.6	Leanúint ar aghaidh ag cruthú agus ag ceiliúradh deiseanna do ghuthanna scoláire/ fhoghlaimeora	<p>Leanúint ar aghaidh le hionadaíocht éagsúil a spreagadh ar Fóram Scoláirí BOO Chiarraí</p> <p>Níos mó deiseanna a chruthú do chomhairlí foghlaimeoirí agus do chlubanna sóisialta tras-champs Choláiste Chiarraí chun cur le rannpháirtíocht shóisialta guthanna foghlaimeoirí agus ar fud coláistí</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p> <p>Ar bun faoi láthair</p>

SPRIOC 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán ar lean

2.7	Leanúint de bhéascna a chothú ina ndéantar éachtaí foghlaimeoirí a cheiliúradh	Ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí ár bhfoghlaimeoirí ag imeachtaí, lena n-áirítear Gradaim Scoláirí BOO Chiarraí agus searmanais chéimithe Choláiste Chiarraí/BOO Chiarraí Sraith imeachtaí a reáchtáil le haghaidh #ETBDay2022	Ar bun faoi láthair R1
2.8	Ár bPlean Inmheánach Faireacháin um Chosaint Leanaí a tabhairt cothrom le dáta	Déanfar cuairteanna faireacháin ar fud na saoráidí ábhartha go léir, agus cuirfear tuarascálacha cigireachta faoi bhráid an stiúrthóra agus an Choiste Formhaoirseachta um Chosaint Leanaí Tuarascálacha Formhaoirseachta um Chosaint Leanaí a chur faoi bhráid na gCoistí ábhartha faoi Alt 44	Cuirfear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Bhord an BOO ina dtuairisceofar comhlíonadh iomlán

SPRIOC 3: Freagraí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

Priority	Action	Performance Indicator	Target
3.1	Éascú d'aistriú scoil náisiúnta pobail nua amháin ar a laghad	Bheith inár bpátrún ar scoil náisiúnta pobail nua amháin	2024
	Leanúint ar aghaidh ag forbairt mhúnla Choláiste Chiarraí	An branda a thógáil agus an t-éileamh a chur chun cinn ar fud an chontae An phunann cúrsaí atá á dtairiscint a athnuachan	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
3.2/2.8/ 6.3	Leanúint ar aghaidh de chothú caidreamh láidir le tionscail agus le fostóirí, d'fhonn freagrúlacht níos mó d'éilimh scileanna áitiúla a áirithiú	Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a chur chun cinn agus a leathnú tuilleadh, agus cumarsáid á cothú leis an bpobal gnó áitiúil Leathnú ar ár dtairiscint Scileanna chun Cinn, agus rochtain á soláthar ar níos mó clár solúbtha ar líne agus clár cumaiscthe	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
3.3	Leanúint ar aghaidh de thacú le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus grúpaí imeallaithe a chuimsiú	Leanfaidh REALT ag obair le páirtithe leasmhara eile chun freastal ar riachtanais na n-iarratasóirí cosanta Soláthar BCTE/IELTS níos spriocdhírthe a fhorbairt le tairiscintí a bhaineann le teicneolaíocht i bpríomhréimsí scileanna	Ar bun faoi láthair R2 - ar bun faoi láthair
3.4	Deiseanna nua oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a fheabhsú	Ár n-oideachas agus oiliúint a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a leathnú, rud a chuireann soláthar níos láidre ar líne ar fáil atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne	Ar bun faoi láthair
3.5	Leanúint ar aghaidh d'fhorbairt ár gclár cumaiscthe matamaitice feidhmí	Líon na rolluithe ar an gclár a mhéadú	Scoilbhliain 2023/24
	Bailíochtú a lorg do BOO Chiarraí maidir le clár cumaiscthe agus ar líne a sholáthar i réimsí éagsúla oiliúna oideachais	Pleanáil chun cur lenár soláthar clár cumaiscthe agus ar líne	Ar bun faoi láthair

SPRIOC 3: Freagraí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna ar lean			
3.6	A chinntiú go n-ullmhaítear daoine óga agus daoine fásta le haghaidh dul chun cinn agus deiseanna fostaíochta amach anseo	<p>Ár dtacaíochtaí conaire agus dul chun cinn a chomhtháthú ar fud Choláiste Chiarraí chun tacú le foghlaimoirí</p> <p>An soláthar ábhartha BOO atá ann cheana a fheabhsú chun torthaí arda fostaíochta a bhaint amach</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p> <p>Ar bun faoi láthair</p>
	3.7	Modúil idirbhliana a fhorbairt agus a sheachadadh i scoileanna chun conairí BOO a spreagadh	Sraith de chomhthionscnaimh scoileanna/BOO a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear modúl innealtóireachta le haghaidh scoláirí idirbhliana
	Réimsí sármhaitheasa a shainithint do gach ionad BOO i soláthar lánaimseartha leibhéal 5 agus 6	Reáchtálfaidh gach ionad BOO dhá chlár lánaimseartha ar a laghad a fhreastalaíonn ar an éileamh áitiúil	Ar bun faoi láthair
	Oibriú lenár n-institiúidí ardoideachais agus lenár gcomhpháirtithe áitiúla chun Creat Conairí FEHE a chur chun feidhme	Tograí a fhorbairt maidir le clár 2+2 a chomhfhorbairt agus a chomhsholáthar i bpríomhréimsí sainaitheanta a chomhlíonann spriocanna straitéiseacha náisiúnta	Ar bun faoi láthair
3.8	Forbairt leanúnach na Comhpháirtíochta Áitiúla Óige Ildánaí a chinntiú mar fhreagairt bunaithe ar chearta ar riachtanais chruthaitheacha leanaí agus daoine óga i gCiarraí	<p>Straitéis na Comhpháirtíochta Áitiúla Óige Ildánaí a sheoladh, agus tús a chur lena cur chun feidhme</p> <p>Deontais a riar faoin scéim deontas don óige ildánach</p>	<p>R3- ar bun faoi láthair</p> <p>Ar bun faoi láthair R3- ar bun faoi láthair</p>
	Ár bhfeidhm forbartha oibre don aos óg a chur chun cinn agus a neartú	<p>An plean forbartha oibre don aos óg a sheoladh, agus tús a chur lena chur chun feidhme</p> <p>An próifiliú ceantair do Chiarraí a chur i gcrích agus na riachtanais seirbhíse a shainithint don chéad timthriall eile de UBU Your Place Your Space (2024/27)</p> <p>Moltaí an Choiste Airgeadais maidir le seirbhísí óige a chur chun feidhme</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p> <p>Ar bun faoi láthair</p>

SPRIOC 4: Rochtain agus Dul chun Cinn			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
4.1/4.2	Leanúint lenár ngealltanas rochtain ar bhreisoideachas agus oiliúint a leathnú agus a mhéadú	Comhtháthú ár dtacaí treorach/faisnéise Choláiste Chiarraí ar fud na gcampas	Ar bun faoi láthair
	Conairí dul chun cinn a fheabhsú go himmheánach in BOO agus go seachtrach chuig an tríú leibhéal	Forbairt a dhéanamh ar chomhaontuithe le hinstiúidí tríú leibhéal maidir le bealaí caighdeánacha agus ardleibhéal dul chun cinn ó BOO go AOO	Ar bun faoi láthair
	Leanúint ar aghaidh ag leathnú ár gcuid faisnéise agus margaíochta ar fud an phobail	Clinicí faisnéise tiomnaithe i moil shainaitheanta a reáchtáil	Ar bun faoi láthair
	Leanúint lenár ngealltanas rochtain a sholáthar ar thacaíochtaí comhsheasmhacha foghlaimeora bunaithe ar riachtanais foghlaimeora aonair	Tacaíochtaí caighdeánacha foghlaimeoirí a fhorbairt ar fud gach BOO le haonad tacaíochta d'foghlaimeoirí aonair	Ar bun faoi láthair
4.3	Leanúint ar aghaidh d'fhorbairt clár nua i réimsí scileanna sainaitheanta	Freagracht chineachta a lorg do BOO Chiarraí Comhoibriú níos láidre a chruthú le hearnáil níos leithne BOO maidir le forbairt clár	Ar bun faoi láthair
4.4	Córas buiséadaithe agus faireacháin airgeadais aonair a bhunú le haghaidh gach soláthar BOO	Córais gníomhaíochta airgeadais agus foghlaimeoirí a nascadh chun sonraí gan uaim a chur ar fáil atá ailínithe le maoinitheoirí agus riachtanais tuairiscithe cloistéal	Ar bun faoi láthair
	Na catagóirí nua clár a leabú tuilleadh	Athrú agus uasghrádú náisiúnta ar an PLSS a chur chun cinn chun tairbhíthe foghlaimeoirí a rianú sna catagóirí nua	Ar bun faoi láthair
		Tús a chur le deais Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach SOLAS chun torthaí agus spriocanna comhaontaithe a rianú	R1 - ar bun faoi láthair
4.5	Soláthar méadaithe i scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha	Deimhniú a mhéadú thar sholáthar Leibhéal a haon agus Leibhéal a dó	Ar bun faoi láthair
		Comhordú a dhéanamh ar níos mó soláthair litearthachta do dhaoine fostaithe	Ar bun faoi láthair
4.6	Conairí do dhaoine ó ghrúpaí imeallaithe a fheabhsú	Níos mó deiseanna a sholáthar do chomhairliúchán spriocdhíríthe agus faisnéis do ghrúpaí ionadaíochta agus uathu	Ar bun faoi láthair
		Méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí a thuirisciú a fhreastalaíonn ar ár n-oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear sainsoláthar	Ar bun faoi láthair

SPRIOC 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc
5.1	Rochtain a sholáthar ar shocrúcháin oibre chomhsheasmhacha agus struchtúrtha i gcomhairle le tionscail agus fostóirí	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcúrsaí fostaíochta le tairgí oibre struchtúrtha Naisc láidre tionscail a choinneáil trí Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí	Ar bun faoi láthair
5.2	A chinntiú go gcloítear le spriocdhátaí taiscthe reachtacha	A chinntiú go gcloítear le spriocdhátaí taiscthe reachtacha	Ar bun faoi láthair
5.3	Rannpháirtíocht agus comhairliúchán leanúnach le ceardchumann ábhartha	Íosmhéid de thrí chruinniú fhoirmiúla leis na ceardchumann ábhartha	Ar bun faoi láthair
5.4	Socruithe le tríú páirtithe a athbhreithniú agus a nuashonrú	Ár socruithe tríú páirtí mar a nuashonrú is ábhartha	Ar bun faoi láthair
5.5	Tacaíochtaí breise a chur ar fáil do dhaoine óga trí thionscadal comhoibritheach le Meitheal CYPSC NEETS Chiarraí, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus gníomhaireachtaí páirtithe leasmhara	Feabhas a chur ar na tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine óga NEET	Ar bun faoi láthair
5.6	Rannpháirtíocht leanúnach le Léargas agus Erasmus	Tuilleadh deiseanna a chruthú do scoláirí/d'fhoghlaimoírí agus don fhoireann páirt a ghlacadh i gclár Léargas/Erasmus	Ar bun faoi láthair
5.7	Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí	Ár n-áiseanna spóirt a fheabhsú	Ar bun faoi láthair
5.8	I gcomhar le comhpháirtithe, Plean Oibre Music Generation Chiarraí a sholáthar	Leathnú 100% ar chlár iarscoile agus banda Obair for-rochtana a mhéadú le hÓgtheagmháil agus le heagraíochtaí óige An fhéidearthacht a thástáil Scoil Oirfididh Ceoil BOO Chiarraí a bhunú	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
5.9	Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a chur chun cinn agus a leathnú tuilleadh, agus cumarsáid á cothú leis an bpobal gnó áitiúil	Aonad Tacaíochta Gnó aonair a fhorbairt a théann thar gach rannpháirtíocht fiontraíochta, rannpháirtíocht fostóirí printíseachta ceardaíochta agus comhordú printíseachta 2016+	Ar bun faoi láthair
5.10	Leanúint ar aghaidh mar chomhalta ar an gCoiste Forbartha Áitiúil, ar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil agus ar an gClár Gníomhaíochta Pobail um Chuimsiú Sóisialta	Freastal go tráthrialta ar chruinnithe	Ar bun faoi láthair

SPRIOC 6: Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
6.1/6.5	Rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht scoláirí/foghlaimeoirí a chinntiú Leanúint lenár n-aiseolas foghlaimeora agus ár sásraí um fhorbairt guthanna foghlaimeora Monatóireacht leanúnach ar thorthaí agus ar aiseolas a chinntiú chun bainistíocht mhaith feidhmíochta a chinntiú	Leanúint ar aghaidh le hionadaíocht éagsúil a spreagadh ar Fhóram Scoláirí BOO Chiarraí Leanúint ar aghaidh ag spreagadh grúpaí fócais, comhairle foghlaimeoirí, fóraim thras-champais agus suirbhéanna foghlaimeoirí etc. Guthanna foghlaimeoirí a choinneáil trí rannpháirtíocht leis an gComhairle Cáilíochta agus le boird rialachais	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
6.2	Tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí trí Fhóram na dTuismitheoirí	Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'Fhóram na dTuismitheoirí	R1 - ar bun faoi láthair
6.4	Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur chun feidhme le haghaidh BOO	Torthaí príomhtháscairí a thuairisciú go tráthrialta do SOLAS	R1 - ar bun faoi láthair
6.6	Freagrúlacht níos mó a chinntiú d'éilimh scileanna áitiúla	Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a chur chun cinn agus a leathnú tuilleadh, agus cumarsáid á cothú leis an bpobal gnó áitiúil	Ar bun faoi láthair
6.7	Leanúint ar aghaidh de phlé le comhlachtaí dámhachtana, QQI san áireamh, chun na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimeoirí a fheabhsú	Rannpháirtíocht leanúnach le QQI agus le comhlachtaí dámhachtana	Ar bun faoi láthair
6.8	Iniúchadh scileanna a dhéanamh chun cabhrú le clár nua anailíse agus oiliúna scileanna ar fud na scéime a threorú	Creat forbartha gairme a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar riachtanais FGL foirne sna trí cholún atá ailínithe leis an Ráiteas Straitéise (2023/27) Leanúint ar aghaidh leis an gclár ceannaireachta oiriúnaithí a chur i bhfeidhm ar fud an chomhlachta foirne	2024 Ar bun faoi láthair

SPRIOC 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht			
Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
7.1	Struchtúr ar fud na scéime a thógáil don ráiteas straitéise nua lena sainítear níos fearr an gaol idir an straitéis agus: <ol style="list-style-type: none"> fo-straitéisí/pleananna beartais ceannaireacht agus bainistíocht príomhtháscairí feidhmíochta struchtúir tuairiscithe 	Fís 5 bliana a shocrú don eagraíocht lena gcuimsítear raon iomlán seachadta seirbhíse, fo-straitéisí/pleananna agus an creat beartais Eolas agus scileanna ár gceannaireachta agus ár mbainistíochta a fhorbairt tuilleadh, go háirithe i gcomhthéacs an chomhoibríthe agus an athraithe straitéisigh a thuiscint	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
	Príomhstraitéisí agus beartais a fhoilsiú agus a sheoladh	Ár Ráiteas Straitéise chúig bliana nua agus ár Straitéis thrí bliana um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Phlean TFC a sheoladh agus a thosú, faoi seach Garspriocanna agus príomhspriocanna a baineadh amach a chur in iúl do pháirtithe leasmhara Tús a chur le hobair ar straitéis eastát	R2 - ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair R2 - ar bun faoi láthair

SPRIOC 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht ar lean

Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc
7.2	Struchtúr na Samhla Láraithe Soláthair agus Ceannaigh a fhorbairt tuilleadh agus a thabhairt chun críche	Struchtúr na Samhla Soláthair agus Ceannaigh Láraithe a chríochnú	R4
	An córas nua um Cheannach go hlocaíocht (P2P) agus an modúl oiliúna ar conradh a leabú ar fud láithreacha Choláiste Chiarraí An córas airgeadais SUN nua a leabú sa Roinn Airgeadais agus ar fud na Scéime ar fad Córais a chur chun feidhme maidir le bainistiú conarthaí agus taisteal agus cothabháil	Bog i dtreo próisis níos anailísí agus formhaoirseacht níos mó	Ar bun faoi láthair
	Tionscadail soláthair shuntasacha a chur chun cinn	Tairiscintí a rolladh amach le haghaidh: <ul style="list-style-type: none"> • Seirbhísí glantacháin • Cothabháil foirgneamh • Comhairleacht inbhuanaitheachta 	R4
7.3	Feabhas a chur ar ár gcleachtais agus ár mbeartais acmhainní daonna	Leanúint ar aghaidh leis an dliteanas pinsean agus croithionscadail phinsin a chur chun cinn	Ar bun faoi láthair
		Leanúint le forbairt na bpróiseas nua pá	Ar bun faoi láthair
		Digitíú leanúnach na gcomhad AD atá ann cheana	Ar bun faoi láthair
		Próiseas ath-ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a thabhairt i gcrích	R3
		Aip do mhúinteoirí ionadaíochta a rolladh amach	Scoilbhliain 2023/24
7.4	Níos mó deiseanna comhoibríthe agus faisnéise a sholáthar ar fud ár bhfoirne bainistíochta sinsearaí	Comhdháil bhliantúil BOO Chiarraí a óstáil	R1
7.5/7.6	Córais nua a leabú chun cumas bainistíochta a fheabhsú	Aistriú go hoifigiúil ar fud ardán Microsoft aonair ar fud na scéime: Kollab	R4
		Na bogearraí rialachais, comhlíontachta agus riosca nua a leabú	R4
		Leanúnachas Gnó agus Pleananna Athshlánaithe ó Thubaistí a fhorbairt; foireann ábhartha oilte ar chur chun feidhme na bpleananna	R3- ar bun faoi láthair
		Struchtúir agus próisis soláthair nua a chur chun feidhme agus a leabú	Ar bun faoi láthair
7.7	Leanúint le tuiscint shoiléir a leabú ar riachtanais Imlitir 0002/2019	Tuarascálacha rialachais agus feidhmiúcháin a chur faoi bhráid gach cruinniú de Bhord BOO	Ar bun faoi láthair
		Leanúint ar aghaidh d'fheasacht a mhúscailt ar na príonsabail den Chód Iompair	Ar bun faoi láthair

SPRIOC 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht ar lean

7.8	Feabhas a chur ar dheiseanna don fhoireann rannchuidiú agus aiseolas a sholáthar	Cruinnithe agus rannpháirtíocht thráthrialta foirne Laethanta foirne a óstáil ar fud gach colúin chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht, ar chonairí gairme foirne, ar idirmhalartú sonraí leictreonacha, ar chumarsáid agus ar fholláine	Ar bun faoi láthair R3/R4
	Ár dTuarascáil um Bearna Phá idir na hInscní agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn	Dul i dteagmháil leis an bhfoireann ar thorthaí na tuarascála	R1 - ar bun faoi láthair

SPRIOC 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
8.1/8.2/ 8.3/ 8.5/ 8.6	A chinntiú go gcuireann seoladh lógó nua BOO Chiarraí feabhas ar eolas ar sheirbhísí BOO agus ar an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara	Plean cumarsáide comhoibritheach a thabhairt chun críche	R1
		Ár lógó nua a sheoladh ar fud na meán traidisiúnta agus sóisialta	R2
		Feachtais feasachta áitiúla a chomhordú chun tuiscint níos fearr a spreagadh ar ár seirbhísí agus ar ár suíomhanna	Ar bun faoi láthair
		A chinntiú go bhfuil ár bhfógraíocht ag teacht le riachtanais na Leasuithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (2021)	Ar bun faoi láthair
8.4	Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur chun feidhme Tús a chur le cur chun feidhme Phlean Gaeilge Thrá Lí	Tús a chur le hobair ar an gcéad sraith eile den Scéim Teanga, i.e. 2024/27	Ar bun faoi láthair
		Tar éis cead a fháil ón Roinn Oideachais (togra ó Imlitir 0003/2019), tacú le páirtithe leasmhara áitiúla Phlean Gaeilge Thrá Lí a chur chun feidhme	Ar bun faoi láthair
		Oifigeach Gaeilge a cheapadh	Ar bun faoi láthair
8.7/8/8	Leanúint ar aghaidh ag scaipeadh na gconairí inmheánacha dul chun cinn, a chuireann conairí foghlama gairmréime níos soiléire ar fáil laistigh de BOO Chiarraí agus i gColáiste Chiarraí Conairí foghlaimeoirí chuig BOO a fheabhsú agus a chruthú	Sraith iomlán foilseachán a fhoilsiú i réimse foilseachán d'fhoghlaimeoirí ionchasacha agus dá dtuismitheoirí	Ar bun faoi láthair
		Comhoibriú níos láidre a chur chun cinn idir na hoifigí iontrála, na cláir mheantóirí agus an soláthar don aos óg	Ar bun faoi láthair
		Tuilleadh tionscnamh a chruthú d'ionaid Ógtheagmhála agus Conairí Dul chun Cinn lena spreagtar dul chun cinn go Coláiste Chiarraí	Ar bun faoi láthair
		Ceardlanna agus imeachtaí rialta a sceidealú chun eolas ábhartha a sholáthar d'fhoghlaimeoirí agus do pháirtithe leasmhara ionchasacha, lena n-áirítear scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus ionaid BOO	Ar bun faoi láthair
8.9	Cuir chuige cumarsáide fheabhsaithe, idir chinn inmheánacha agus sheachtracha	Foireann a uasoiliúint thar réimse bogearraí meán	Ar bun faoi láthair
		A chinntiú go bhfuil cumarsáid inrochtana i bhformáidí éagsúla	Ar bun faoi láthair

SPRIOC 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
9.1/9.3/ 9.4/ 9/7	Iniúchadh scileanna a dhéanamh chun cabhrú le clár nua anailíse agus oiliúna scileanna ar fud na scéime a threorú	Tríú páirtí a cheapadh chun iniúchadh anailíse scileanna a dhéanamh; tús a chur le creat nua forbartha gairme a dhréachtú Leanúint ar aghaidh leis an gclár ceannaireachta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm ar fud an chomhlachta foirne	R4 Ar bun faoi láthair
9.2	Ár leabharlann beartas a athfhorbairt	Leabharlann beartas nua a dhearadh agus a sheoladh ar an ardán Kollab Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gcreat forbartha beartais; leasuithe a dhoiciméadú agus a scaipeadh ar gach ball foirne	R3/R4 R3/R4
9.5	A chinntiú go gcuireann laethanta foirne faoi seach ar chumas rannchuidiú éifeachtach foirne agus tacú le folláine na foirne	Laethanta foirne a óstáil ar fud gach colúin chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht, ar chonairí gairme foirne, ar idirmhalartú sonraí leictreonacha, ar chumarsáid agus ar fholláine Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bhfoireann trí chúnamh fostaithe agus cláir folláine eile a bheith ar fáil	R3/R4 Ar bun faoi láthair
9.6	Leanúint ar aghaidh d'áirithiú go bhfuil ár gcleachtais sláinte agus sábháilteachta comhlíontach leis na caighdeáin rialála	A chinntiú go gcoimeádtar ár gcaipéisíocht sláinte agus sábháilteachta cothrom le dáta, agus go bhfaigheann an fhoireann uasoiliúint ábhartha	Ar bun faoi láthair
9.8	Ár dtionscadail chaipitil agus tógála de chuid na Roinne Oideachais a chur chun cinn Fócas a leabú ar ghníomhú ar son na haeráide ar fud an chláir chaipitil agus foirgneamh	Gaelcholáiste Chiarraí nua s'againne a oscailt go hoifigiúil Scoil Náisiúnta Lios Teilice a thabhairt ar lámh (tionscadal caipitil cineachta) Tionscadail >€1 mhilliún le tosú: • Scoil Chuimsitheach an Tóchair • Coláiste Pobail Chill Árne • Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar An cás gnó a chur chun cinn le haghaidh cheannoifig buan BOO Chiarraí	R4 R1 Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair
9.9	Dul chun cinn a dhéanamh ar ár dtionscadail chaipitil agus tógála DFHERIS/SOLAS Pleananna a chur chun cinn chun tairiscintí BOO a fheabhsú i gCill Árne agus sna ceantair máguaird	Dul chun cinn a dhéanamh ar ár dhá dtionscadal den Chiste Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh (SIUF): Campais Choláiste Chiarraí, Lios Tuathail agus Mhóin an Bhaile Dul chun cinn a dhéanamh ar ár dtionscadail maidir le Tuarascáil ar Mheasúnú Straitéiseach (TMS): Campais Choláiste Chiarraí Chill Árne agus Chathair Saidhbhín Tionscadail >€1 mhilliún le tosú: • Lárionad BOO Uí Chonaill	Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair Ar bun faoi láthair

Imlitir 0003/2019: Meastóireacht ar Sheirbhísí nach Croísheirbhísí iad

Leagtar amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 gníomhartha sonracha nach féidir a dhéanamh gan cead a fháil ón Aire Oideachais (e.g. talamh a fháil, iasacht a fháil). Dá bhrí sin, ceanglaítear ar BOOna toiliú i scríbhinn a fháil ón Roinn roimh ré sula gcuirtear clár nó gníomhaíocht nua ar fáil:

- (a) Nach ceann dá chroísheirbhísí é (i.e. soláthar bunoidreachais, iar-bhunoideachais, iar-ardteistiméireachta agus breisoideachais), nó
- (b) A mheasann sí a bheith laistigh dá sheirbhísí, nó ina croísheirbhísí gaolmhara, ach nach bhfuil bunaithe agus maoinithe ag an Roinn cheana féin.

I gcomhréir le forálacha Imlitir 0003/2019, ba cheart do BOO Chiarraí meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí nach croísheirbhísí iad atá ann cheana agus cumarsáid a dhéanamh leis an mbord agus leis an Roinn tríd an bPlean Seirbhíse ar bhonn bliantúil.

Comhpháirtíocht Áitiúil um Óige Ildánach 2022

Tugann an Chomhpháirtíocht Áitiúil don Óige Ildánach cumhacht do dhaoine óga imeallaithe ról cinnteoireachta a fheidhmiú maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha. Baintear é seo amach trí chomhairliúcháin guthanna don aos óg agus/nó oiliúint um fhorbairt guthanna óige ar leibhéal an phobail.

Líon na gClár arna Soláthar	Rannpháirtithe
20	518

Feidhmíonn an tionscnamh bunaithe ar mhaoiniú bliantúil a fhaightear ón Roinn Oideachais agus Éire Ildánach, agus tuairiscíonn an dá cheann acu go ráithiúil.

Music Generation Chiarraí 2022

Cuireann Music Generation Chiarraí deiseanna oirfidh agus oideachais ceoil ar fáil do na céadta leanaí agus daoine óga ar fud an chontae le tairiscint uathúil de chlár ar líne agus phearsanta, ionscoile agus iarscoile. Faigheann an tionscnamh tacaíocht ó scéim iasachtaithe uirlisí le 400+ ionstraim agus trealamh ceoil ar fáil do gach scoláire atá rannpháirteach trí Leabharlann Chontae Chiarraí.

Líon na gClár arna Soláthar	Rannpháirtithe
14	3,171

Feidhmíonn Music Generation Chiarraí ar mhúnla maoinithe mheaitseála 75:100 agus baineann sé leas as tacaíocht na gcomhpháirtithe áitiúla. Déantar tuairiscíú airgeadais trí thuarisceáin ráithiúla, agus teastaíonn tuairisceán airgeadais i mí Feabhra don bhliain féilire roimhe sin.

Plean Gaeilge Thrá Lí 2021/28: Príomhghníomhaireacht BOO Chiarraí

I mí an Mhárta 2022, fuair BOO Chiarraí iarratas ó Fhoras na Gaeilge a bheith ar an bpríomhghníomhaireacht i bhfeidhmiú céimneach Phlean Gaeilge Thrá Lí 2021/28. Mar chuid den iarratas, bheadh an eagraíocht freagrach as Comhordaitheoir Gaeilge a cheapadh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean. D'fhostódh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an ball foirne seo le maoiniú don phost a cuireadh ar fáil ag an Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (trí mheán Fhoras na Gaeilge).

Chuir BOO Chiarraí iarratas faoi bhráid na Roinne ag deireadh mhí na Nollag 2022 chun cead na Roinne a lorg le leanúint ar aghaidh leis an iarratas seo, agus 'a mheasann BOO a bheith laistigh dá chroísheirbhísí nó dá croísheirbhísí gaolmhara ach nach bhfuil bunaithe agus maoinithe ag an Roinn cheana féin.'



Ráiteas maidir le hInghlacthacht Riosca

Sonraítear i Ráiteas BOO Chiarraí maidir le hInghlacthacht Riosca an méid riosca a bhfuilimid toilteanach glacadh leis agus ár misean agus cuspóirí á saothrú. Agus aitheantas á thabhairt dár ngníomhaíochtaí éagsúla, go háirithe cineál na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) ina saothraítear rioscaí, tugtar breac-chuntas sa tábla a leanas ar an inghlacthacht riosca go léaráideach thar chatagóirí/ghníomhaíochtaí rioscaí aitheanta, mar a d’aontaigh an fhoireann/na foirne rialachais agus ceannaireachta.

An 6 Nollaig 2022, d’fhaomh Bord BOO Chiarraí an Ráiteas a leanas maidir le hInghlacthacht Riosca le haghaidh 2023.

Catagóir/Gníomhaíocht Riosca	Doghlactha chun rioscaí a ghlacadh									
	Toilteanas níos airde rioscaí a ghlacadh									
	1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
Airgeadas										
Straitéiseach										
Oibríochtúil										
Teicneolaíocht										
Maidir le Clú										
Comhlíontacht										
Comhshaol										

Aguisín I: Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018–2022

Spríoc 1: Cláir a bhfuil Aitheantas agus Dearbhú Cáilíochta acu go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí oideachais agus oiliúna a thairgimid faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus go bhfuil siad aitheanta ar leibhéal idirnáisiúnta.
2. Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna faoinár gcoimirce.
3. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata um Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta d’Obair don Óige.
4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal.
5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ár gcoláistí/ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na gcigireachtaí/na gcuairteanna sin i bhfeidhm go héifeachtach.

Spríoc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

1. Straitéisí dearbhaithe cáilíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt do gach duine a bhfuil ról acu i gcláir a sholáthar, agus tacú leis na straitéisí sin.
2. Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do chleachtais teagasc agus foghlama atá ionchuimsitheach/difreáilte inár gcuid scoileanna/coláistí/ionaid/cláir uile.
3. Tacú le forbairt iomlánaíoch mac léinn agus foghlaimeoirí trí chorpoidéachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal, i.e. i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus sa bhreiseoidéachas agus oiliúint.
4. Cultúr nuálaíochta agus cleachtais athmhachnamhaigh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail chleachtais a fhorbairt agus an dea-chleachtas a chomhroinnt.
5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun caighdeán an teagasc agus na foghlama a fheabhsú.
6. Deiseanna a chruthú do mhic léinn/d’fhoghlaimeoirí chun a bhfoghlaim a phleanáil agus a athbhreithniú go gníomhach.
7. Cultúr a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar barrfheabhais agus éachtaí foghlaimeoirí agus baill foirne araon.
8. Cineálacha difriúla cur chuige a chur i bhfeidhm i leith forbairt curaclaim agus clár, a chuirfidh béim ar an ábhar a oiriúnaíocht do riachtanais foghlaimeoirí, fostaithe, pobail agus do phríomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha.
9. A chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí in ann foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha.
10. Cloí le treoirlínte folláine náisiúnta agus iad a chur chun cinn, agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht leordhóthanach do dhaltaí, do mhic léinn agus d’fhoghlaimeoirí.

Spríoc 3: Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

1. Freagairt go leanúnach d’athruithe ar an déimeagrafaic i gCiarraí agus ár soláthar seirbhíse a phleanáil dá réir sin, nuair is féidir.
2. Freagairt go héifeachtach do riachtanais fostóirí agus an gheilleagair trí réitigh nuálacha agus cruthaitheacha.
3. Cur leis an inniúlacht atá againn freagairt do na dúshláin atá ann i sochaí ilchultúrtha.
4. Leanúint le freagairtí a athnuachan agus le cinn nua a fhorbairt chun rannpháirtíocht a mhéadú i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna.
5. Úsáid deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, foghlaim de réir seimeastair agus soláthar clár oíche.
6. I gcomhpháirtíocht le SOLAS, agus de réir na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, cláir oideachais agus oiliúna a shainaithint agus a chur ar fáil chun daoine óga agus aosaigh a ullmhú do dhul chun cinn agus do dheiseanna fostaíochta amach anseo.
7. Straitéisí a spreagadh a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis na dúshláin is gá do mhic léinn a shárú agus iad ag aistriú ónár gcóras bunscoile chuig ár gcuid iar-bhunscoileanna agus coláistí, agus acmhainní a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt na straitéisí sin.
8. Leanúint le tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt freagairtí atá bunaithe ar riachtanais maidir le hobairt don óige i gCiarraí.

Spríoc 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn

1. Réamhfhoghlaim a aithint i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta chun rochtain a éascú ar chláir oideachais agus oiliúna.
2. Tacaíocht oideachais agus ghairmthreorach a thabhairt d'fhoghlaimoirí chun rochtain agus deiseanna dul chun cinn a uasmhéadú.
3. Ár straitéisí rollaithe foghlaimoirí a fheabhsú laistigh de FET chun socrúcháin foghlaimoirí, rannpháirtíocht agus coinneáil inár gcláir a uasmhéadú.
4. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimoirí a rianú.
5. Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a chur ar leataobh dóibh chun a chinntiú go bhfuil croí-inniúlachtaí (scileanna litearthachta, scileanna uimhearthachta, scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna digiteacha agus litearthachta ríomhairí agus scileanna gnóthaithe poist) leabaithe laistigh dár gcláir agus dár gcúrsaí uile.
6. Sraith tacaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhoghlaimoirí, lena n-áirítear tacaí míchumais, socrúcháin agus atreoraithe chuig gníomhaireachtaí eile, chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, ar choinneáil agus ar dhul chun cinn.

Spríoc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt

1. Leanúint le caidreamh éifeachtach a fhorbairt le comhlachtaí fostóirí, le ceardchumainn agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun taithí oibre agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoghlaimoirí.
2. Leanúint le hobair i ndlúthchomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le DCCE agus le BOO Éireann.
3. Leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhpháirt le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraímid.
4. Leanúint leis na próisis chomhpháirtíochta, na prótacail chomhpháirtíochta agus na nósanna imeachta comhpháirtíochta atá ar bun againn a athbhreithniú agus a leasú nuair is cuí.
5. Caidreamh nua a fhorbairt le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile, le heagraíochtaí deonacha don óige agus le heagraíochtaí pobail, agus an caidreamh láidir atá againn leosan cheana féin a chothú, chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid don óige.
6. Cláir de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáid chun caidreamh le gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a fhorbairt.
7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht a mhéadú i spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil.
8. Obair i gcomhpháirt le comhlachtaí ábhartha Ealaíon chun na healaíona san oideachas a chur chun cinn.
9. Naisc a fhorbairt le fostóirí chun a chinntiú go bhfreagraítear go héifeachtach dá riachtanais i ngeilleagar a bhíonn ag athrú.
10. Obair i ndlúthchomhpháirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun a chinntiú go nglactar cur chuige níos comhcheangailte i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur i bhfeidhm.

Spríoc 6 :Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

1. Comhairlí mac léinn a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionaid uile.
2. Comhairlí tuismitheoirí a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionaid uile.
3. Leanúint le meicníochtaí comhairliúcháin shaincheaptha agus ionchuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme lenár bpáirtithe leasmhara uile.
4. Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur i bhfeidhm don bhreiseoideachas agus oiliúint.
5. Leanúint le húsáid a bhaint as an aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus chun an soláthar reatha a fheabhsú.
6. Leanúint lenár straitéisí rannpháirtíochta fostóirí a fheabhsú chun riachtanais fostóirí a ailíniú ar bhealach níos éifeachtaí lenár straitéisí forbartha scileanna.
7. Leanúint le dul i mbun idirphlé le comhlachtaí bronnta dámhachtana, DCCE ina measc, chun cur leis na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimoirí.
8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa chaoi a mbainistímid daoine.
9. Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a thomhas chun pleanáil agus seachadadh comhcheangailte clár agus seirbhísí a spreagadh chun freastal ar riachtanais i gCiarraí.

Spríoc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach reatha agus straitéis chumarsáide soiléir inmheánach a chuireann ár spriocanna straitéiseacha in iúl a bheachtú agus a fhorbairt, struchtúir na heagraíochta a shoiléiriú, róil agus freagrachtaí ag gach leibhéal agus a tharraingíonn aird ar na próisis chinnteoireachta.
2. Athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar struchtúir agus próisis le cur le héifeachtacht na heagraíochta agus chomh maith agus a dhéanaimid cumarsáid leis na páirtithe leasmhara ar fad.
3. Athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar ár mbeartais agus cleachtais acmhainní daonna reatha le dul i ngleic le riachtanais straitéiseach BOO Chiarraí.
4. Ár bhféidearthachtaí agus ár gcumas ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
5. Ár n-acmhainn pleanála acmhainní agus ár n-acmhainn bainistíochta oibríochtúla a fheabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfidimid leas as oiliúint agus as FGL agus cuirfidimid struchtúir eagraíochtúla níos cuí i bhfeidhm.
6. Feabhas a chur ar ár gcórais bainistíochta faisnéise chun sonraí cruinn, ábhartha agus suas chun dáta a chur ar fáil ar fud na heagraíochta le cur le pleanáil, soláthar seirbhís agus le bheith in oiriúint lenár straitéis.
7. Leanúint le cumas comhlíontachta straitéise agus rialachais ár mbord agus na gcoistí gaolmhara a fhorbairt.
8. Cultúr foghlama leanúnaí agus cleachtais athmhachnamhaigh a chur chun cinn.

Spríoc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

1. Iniúchadh agus athbhreithniú le déanamh ar mheicníochtaí agus straitéisí cumarsáide agus caidreamh poiblí reatha BOO Chiarraí.
2. Feidhm chumarsáide tiomnaithe a bhunú laistigh de BOO Chiarraí chun cumarsáid inmheánach agus seachtrach a fheabhsú.
3. Straitéis mhargaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimoírí a fheabhsú.
4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm.
5. Straitéis a fhorbairt le haghaidh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn.
6. Aip chuimsitheach do BOO Chiarraí a fhorbairt a fhéadfaidh daoine laistigh agus lasmuigh den eagraíocht a úsáid.
7. An raon leathan roghanna dul chun cinn atá ar fáil d'fhoghlaimoírí trí chlár BOO Chiarraí a leagan amach.
8. Foilseacháin chúí a fhorbairt agus a ullmhú do mhic léinn agus do thuismitheoirí i bhformáidí inrochtana éagsúla, ar foilseacháin iad ina míneofar an córas dámhachtana, an comhlacht bronnta dámhachtana, an measúnú a dhéanfar chun an dámhachtain a bhaint amach agus na roghanna dul chun cinn a bhaineann leis an dámhachtain.
9. An cur chuige foriomlán cumarsáide inmheánach agus seachtrach a fheabhsú.

Spríoc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhs

1. Creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta.
2. Athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh le béim ar bheartais, struchtúir agus róil lena chinntiú go bhfuil siad in oiriúint do straitéis oideachais agus oiliúna BOO Chiarraí.
3. Leanúint le cláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a sholáthar chun freastal ar na riachtanais a shaináithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta.
4. Leanúint le tacaíocht a thabhairt don scéim leasa foirne agus do dheiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist.
5. Leanúint le cláir agus raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach a chothú i measc mac léinn, foghlaimoírí agus ball foirne.
6. Feabhas a chur ar úsáid a gcuid saoráidí agus leas iomlán a fháil astu, agus iniúchtaí sláinte agus sábháilteachta rialta a dhéanamh chun caighdeán na dtimpeallachtaí foghlama agus oibre a uasmhéadú.
7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.
8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu.
9. Tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil/ tógála a thacóidh le Cláir Bhreiseoideachais agus Oiliúna a chomhtháthú tuilleadh.

Aguisín II: Liosta Fíoracha agus Foscríbhinní

Figiúr 1: Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí

Figiúr 2: Bunluachanna BOO Chiarraí

Figiúr 3: Struchtúr Eagraíochta

Figiúr 4: Creat Tuairiscithe Straitéiseach

Figiúr 5: Dréacht-Thuarascáil Feidhmiúcháin

Téarma	Sainmhíniú
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DEIS	Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna
DE	An Roinn Oideachais
DSEL	Scoileanna a Fhorbairt Foghlaim a Shaibhriú
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
EDI	Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
SCGO	Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BO-AO	Breisoideachas-Ardoideachas
BOO	Breisoideachas agus Oiliúint
HEA	An tÚdarás um Ard-Oideachas
AD	Acmhainní Daonna
IAU	Aonad Iniúchta Inmheánaigh
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
IELTS	Córas Trialacha Teanga Idirnáisiúnta Béarla
OETC	Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Allamuigh
OS&D	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
CTFC	Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
REALT	Teagascóir Fhoireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SY&M	Scoileanna, Óige agus Ceol
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
DUF	Dearadh Uilíoch don Foghlaim

Aguisín III: Fáltais agus Caiteachas Réamh-Mheasta

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 (Meastachán)	An bhliain dar críoch 31/12/2022 (Réamhniúchadh)
	IOMLÁN	IOMLÁN
FÁLTAIS	€	€
Deontais do Scoileanna agus don Cheannoifig	€30,051,533	€30,450,560
Deontais Bhunscoile	€76,900	€108,556
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	€44,105,432	€42,814,048
Deontais i leith Seirbhísí don Óige	€1,223,439	€1,070,169
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	€2,000,000	€1,928,116
Caipiteal	€12,676,567	€12,148,243
	€90,133,871	€88,519,692
ÍOCAÍOCHTAÍ		
Scoileanna agus Ceannoifig	€30,051,533	€30,893,808
Bunscoil	€152,000	€172,303
Breisoideachas agus Oiliúint	€44,105,432	€43,056,232
Seirbhísí don Óige	€1,223,439	€1,013,501
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	€2,000,000	€1,672,545
Caipiteal	€17,991,979	€17,148,954
	€95,524,383	€93,957,343
Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse*	-€5,390,512	€30,051,533

* * Tabhair faoi deara go n-eisiatar ón easnamh réamh-mheasta iarmhéid airgid tosaigh dar luach €9,397,267.

Íocaíochtaí Scoile agus Ceannoifige

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 (Meastachán)	An bhliain dar críoch 31/12/2022 (Réamhniúchadh)
	IOMLÁN	IOMLÁN
	€	€
PÁ		
Teagasc	€24,565,750	€23,989,691
Riarachán	€2,712,946	€2,555,381
Deontais Seirbhísí Óige	€1,223,439	€1,070,169
Cothabháil	€608,609	€586,676
	€27,887,305	€27,131,748
NEAMHPHÁ		
Caiteachas Neamhphá	€1,480,420	€2,076,389
	€1,480,420	€2,076,389
CLÁIR GHAOLMHARA		
Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile	€311,157	€372,015
Deontas DEIS & Idirchaidreamh Baile & Scoile (lena n-áirítear Clár Samhraidh)	€84,000	€83,642
Deontas Leabhar	€98,253	€65,074
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	€16,800	€25,652
An Idirbhliain	€27,740	€6,328
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	€12,986	€3,796
Caipitíocht an Lucht Siúil	€0	€10,306
Deontas Ranga Speisialta	€402	€1,468
Fisic, Ceimic, agus Eolaíocht	€2,470	€117

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 (Meastachán)	An bhliain dar críoch 31/12/2022 (Réamhniúchadh)
	IOMLÁN	IOMLÁN
Infreastruchtúr TFC	€0	€188,449
Deontas trealaimh riachtanas speisialta faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna	€0	€15,022
Clár Óige Ildánáí	€130,000	€159,781
Bus Coimhdeachta	€0	€46,213
Deontais Tacaíochta Covid-19	€0	€629,898
ISL	€0	€25,468
Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte ROS/SCGO	€0	€52,442
	€683,808	€1,685,671
	€30,051,533	€30,893,808
BUNSCOIL		
Caipitíocht/Coimhdeach/TFC/Tacaíochtaí Covid-19/Scéim Leabhar/Tástáil Chaighdeánaithe	€152,000	€172,303

Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 (Meastachán)	An bhliain dar críoch 31/12/2022 (Réamhiniúchadh)
	IOMLÁN	IOMLÁN
	€	€
BREISOIDEACHAS		
SDOG	€2,016,327	€1,968,602
Ógtheagmháil	€2,484,234	€2,399,266
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	€730,421	€721,214
Litearthacht d'Aosaigh	€1,316,709	€1,196,808
Oideachas Pobail	€376,859	€386,859
Oideachas Aosach	€143,194	€134,927
Oidhreacht/Tacaíocht Riarachán SOLAS /Costais Oibriúcháin BOO	€3,390,353	€3,479,702
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna	€1,290,426	€1,289,762
Cúrsa Gaeilge	€112,115	€102,115
Dearbhú Cáilíochta & Aonad Curaclaim	€621,065	€596,737
Uaireanta Comhair arna Maoiniú ag SOLAS	€73,705	€117,257
Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT)	€70,681	€69,046
	€12,626,089	€12,462,295
Oiliúint		
Coláiste Chiarraí/Soláthar Oideachais	€31,479,343	€30,593,937
	€44,105,432	€43,056,232

Íocaíochtaí Seirbhísí Óige

	An bhliain dar críoch 31/12/2023 (Meastachán)	An bhliain dar críoch 31/12/2022 (Réamhniúchadh)
	IOMLÁN	IOMLÁN
	€	€
ÍOCAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSÍ ÓIGE		
Tionscadail Speisialta don Óige - (Deontas SPY/UBU)	€760,179	€608,976
An tAcht um Obair don Aos Óg (Plean Forbartha don Obair don Aos Óg)	€143,046	€139,891
Caipiteal um Obair don Aos Óg	€0	€32,924
Eolas don Aos Óg	€127,011	€122,126
Tionscnamh Infhostaitheachta Óige (Tionscadal ar scor)	€0	€14,805
Ciste Lánpháirtíochta	€126,000	€0
Scéim Deontais do Chlubanna Óige	€67,203	€94,779
	€1,223,439	€1,013,501

